Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2025/3470

25.6.2025

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an 19 Meitheamh 2025**

**lena gceaptar lánchomhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair thar ceann na Gréige**

(C/2025/3470)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chinneadh ón gComhairle an 22 Iúil 2003 lena mbunaítear an Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair ([1]), agus go háirithe Airteagal 3 de,

Ag féachaint do liosta na n-iarrthóirí a chuir an Ghréig faoi bhráid na Comhairle,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh an 5 Márta 2025 ([2]), cheap an Chomhairle lánchomhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don tréimhse ón 6 Márta 2025 go dtí an 5 Márta 2028.

(2) Chuir an Ghréig liosta na n-iarrthóirí isteach do roinnt post atá le líonadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Ceaptar na daoine seo a leanas ina lánchomhaltaí agus ina gcomhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don tréimhse dár críoch an 5 Márta 2028:

I. IONADAITHE RIALTAS NÁISIÚNTA

| Ballstát | Lánchomhalta | Comhaltaí malartacha |
|---|---|---|
| an Ghréig | Vasiliki PAPANASTASIO | Angeliki MOIROU<br>Ioannis KONSTANTAKOPOULOS |

II. IONADAITHE CEARDCHUMANN

| Ballstát | Lánchomhalta | Comhaltaí malartacha |
|---|---|---|
| an Ghréig | Andreas STOIMENIDIS | Ioannis GKOUTZAMANIS<br>Markos KONTIZAS |

III. IONADAITHE EAGRAÍOCHTAÍ FOSTÓIRÍ

| Ballstát | Lánchomhalta | Comhaltaí malartacha |
|---|---|---|
| an Ghréig | Katerina DASKALAKI | Stella TSIAMI<br>Yanis STAVROU |

([1]) IO C 218, 13.9.2003, lch. 1.
([2]) Cinneadh ón gComhairle an 5 Márta 2025 lena gceaptar lánchomhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (IO C, C/2025/1689, 13.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/1689/oj).

*Airteagal 2*

Ceapfaidh an Chomhairle na lánchomhaltaí agus na comhaltaí malartacha nár ainmníodh fós tráth níos déanaí.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 19 Meitheamh 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

A. DZIEMIANOWICZ-BĄK